

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 7: *Bád!*



Hugh Lorigan, Boat 1, 20^ú haois. © Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaí

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Ba é an t-ealaíontóir Éireannach, Hugh Lorigan, a rinne an saothar ealaíne seo arb ionann é agus bád. Tá seolta glasa air atá cosúil le duilleoga fillte agus dhá adharc órga. Má chaitheann tú súil ghéar air feicfidh tú go bhfuil a ainm scríofa ag Hugh ar a bhád. Tá an bád seo déanta de chré agus tá sé trom, agus ní féidir leis snámh ar bharr an uisce.

Bhácáil Hugh an cré amh ag teocht an-ard in oigheann ceirmeach ar a dtugtar áith. Is é *ceirmeach* an focal a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar shaothar ealaíne cré atá críochnaithe.

Dúirt Hugh go bhfuil sé deacair saothair a dhéanamh as cré de bhrí go mbíonn air leaca móra cré a ardú agus a fhuineadh, ach go bhfuil rud éigin draíochtúil ag baint leis freisin! Ní bhíonn a fhios aige riamh cén chuma a bheidh ar a shaothair ealaíne nuair a osclaíonn sé doras na háithe de bhrí go n-úsáideann ealaíontóirí ceirmeacha púdair cheimiceacha agus leacht ar a dtugtar glónra a idirghníomhaíonn le teas.

Seo Linn ag Súgradh!

Samhlaigh gur tusa captaen an bháid seo.

B'fhéidir gur mairnéalach sona sásta thú nó foghlaí mara fíochmhar!

An mbeidh tú sa tóir ar thaisce nó ar spéis leat dul i mbun trodaíochta?

Cé hé do mháta loinge?

An mbeidh do chairde agus teaghlach in éineacht leat ar do thuras?

Má tá do theaghlach ag cur isteach ort, is féidir leat a rá leo an clár a shiúl thar taobh!

Cruthaigh do charachtair féin, a bheidh in ann na seolta a ardú, an bia a chócaráil, breith ar na héisc agus na deiceanna a sciúradh!

Céard a thabharfaidh tú leat ar do thuras?

Tarraing mála mór déanta d'éadach agus líon leis na rudaí ar fad a thabharfaidh tú leat.

Cén cineál bia a thabharfaidh tú leat?

An mbeidh claíomh, rópa, deochanna draíochta, bréagáin, tóirse, peata, do sheanmháthair, seacláid, teidí, stocaí te ag teastáil uait?

Tarraing bratach do do long agus léarscáil.

Cá mbeidh do thriall?

Is féidir leat taisteal chomh fada leis an áit is mian leat!

Faoin bhfarraige nó seol trí na scamail i do bhád aeir

Féach i do theileascóp, céard a fheiceann tú?

B'fhéidir go n-airíonn tú uait duine éigin, cé air a thabharfaidh tú cuairt?

Más foghlaí mara thú atá sa tóir ar thaisce, tarraing léarscáil, cuir na bacainní ar fad a bheidh le sárú agat san áireamh

Cén cineál taisce atá á lorg agat - ór, seacláid nó cathair i bhfad ó bhaile!

Caith do líontáin amach san fharraige agus scríobh scéal chun cur síos a dhéanamh ar an méid a aimsíonn tú.

Portáin faoilinne mhóra, sliogáin chogarnaí a thugann mianta daoine chun beochta, breallaigh mhóra ina bhfuil péarlaí, scuid mór millteach ar tusa an chéad duine a fheiceann í, smugairle leonmhongach, léarscáil i mbuidéal, maighdean mhara, cathair faoi uisce, eochair draíochta, long fholamh mhistéireach le seolta stróicthe



Dear bád!

An féidir leat an taobh istigh den bhád seo a tharraingt?

Dear do cheathrúna féin. An mbeidh tú i do chodladh i leaba bhunc nó i leaba luascáin?

Dear bád a bheidh in úsáid amach anseo. An mbeidh sciatháin ar do bhád nó an mbeidh sé á thiomáint ag ríomhaire?

Ainmnigh do bhád.



Spraoi ar bharr an uisce i ndoirteal na cistine!

Déan iarracht rudaí a fháil ón mbosca bruscair athchúrsála chun bád a dhéanamh!

An féidir leat rudaí atá in ann snámh a fháil?

B'fhéidir go bhféadfá triail a bhaint as cartán bainne, coimeádán plaisteach, buidéal, boscaí uibheacha, coirc, coimeádáin bia beir leat

Fiafraigh de dhuine fásta an féidir leat scragall stáin nó spúinsí cistine a úsáid chun báid bheaga a dhéanamh a bheidh ar snámh i ndoirteal na cistine

Déan aigéan beag i mias. Más féidir leat dul chomh fada le gairdín faigh roinnt cloch agus cruthaigh carraigeacha, agus faigh roinnt duilleog agus cruthaigh feamainn

B'fhéidir gur mhaith le cuid de na bréagáin bheaga atá agat roinnt ama a chaitheamh san aigéan atá cruthaithe agat!

Má tá ciúbanna oighir agat bain triail as farraige oighreata a chruthú, cruthaigh oighearshruthanna

Úsáid roinnt leachta níocháin agus spúnóg adhmaid ionas gur féidir le do bháid taistil i dtonnta bríomhara agus cúr na farraige.



Hóigh, Mátaí Loinge! D'úsáideamar roinnt pónairí reoite mar mheáchain bheaga chun ár mbád a choinneáil socair.



Ghlac foghlaí mara dána seilbh ar ár mbád!

Ba bhreá linn scéalta faoi d'eachtraí i ndoirteal na cistine a chloisteáil... Clibeáil muid i do ghrianghraif uaslódáilte de do dhearaí ar Facebook, Instagram agus Twitter trí úsáid a bhaint as **#crawfordartgalleryhomelife**